



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(110 marc)

DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go dtí 11.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Cailfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) nó Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt. (Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt i Roinn A nó i Roinn B.)

THALL →

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.

CEIST 1

- PRÓS AINMNITHE -

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) “*Séamas*: Déanfaidh tusa mo chuid smaoinimh dhom. B’in é atá i gceist agat!
Micil: Is maith atá a fhios agat nach bhfuil tú ábalta smaoineamh a dhéanamh duit féin.”
(*An Lasair Choille*)

Tabhair **cuntas** ar Shéamas ón eolas atá sa dráma seo faoi.

(25 mharc)

- (ii) Cén phearsa (carachtar), Binncheol nó Míoda nó Athair Mhíoda is mó a raibh trua agat dó/dí? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.)

(10 marc)

NÓ

- (i) “Á, bhí cailín agat romhamsa, mar sin”, arsa an bhean sa ghearrscéal *Fiosracht Mhná*.

Tabhair **cuntas** ar an mbean ón eolas atá sa ghearrscéal seo fúithi.

(25 mharc)

- (ii) Cén sórt duine é an fear sa ghearrscéal seo? Déan cur síos **gairid** air. Inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé leat. (Is leor **dhá** fháth.)

(10 marc)

- (b) Maidir leis na trí shaothar eile, *Clann Lir*, *Amuigh Liom Féin* agus *Gafa* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair **cuntas gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

grá (nó imní)cruachás (nó díomá)

draíocht (iontas)

déagóirí (nó gaolta eile)éad (nó díoltas)óige (nó seanaois)

(20 marc)

NÓ

Maidir leis na trí shaothar eile, *Clann Lir*, *Amuigh Liom Féin* agus *Gafa* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** phearsa (charachtar) ann, pearsa (carachtar) amháin a thaitin leat **agus** pearsa (carachtar) amháin nár thaitin leat. (20 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Inis, **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán, *Treall* (thíos). (10 marc)
- (ii) Cad é an mothúchán is mó sa dán seo, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fhath.) (8 marc)
- (iii) "*Ach, a Dhia, táim tuirseach!*"
Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin, dar leat? (7 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Treall

Tabhair dhom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras

'gus urláir de na ballaí,
go dtiocfaidh screath
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais...

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
Go dtóigfead
An teach eile seo...

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

NÓ

- (i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (pictiúr) a chuireann an file os ár gcomhair i véarsa 3 (línte 17 go 22) sa dán, *Mac Eile Ag Imeacht* (thíos). (10 marc)
- (ii) Sa dán seo, tá an chlann 'brónach'. An dóigh leat go dtugann an file pictiúr maith dúinn de dhaoine atá brónach? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (iii) Cad a bheidh ar siúl ag an mac i Houston, Texas **agus** an gceapann an file gur áit mhaith dó é an áit sin? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra. (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

Mac Eile Ag Imeacht

Cuirfimid chun bóthair arís inniu
Chuig aerfort Bhaile Átha Cliath
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
Mac eile ag imeacht.
Eisean féin a thiománfaidh an carr
Tús curtha ar a thuras fada.
Ag mionchomhrá treallach, míloighciúil
Meilfimid an aimsir.

Staidéar ar ríomhtheangacha
A bheidh idir lámha aige.
Béarfaidh sé ar an bhfaill
Faoi spalladh gréine i Houston, Texas.
Tar éis slán a chur leis
Agus greim láimhe againn ar a chéile
Pléifimid na buntáistí a bheadh aige thall
Nach mbeadh ar fáil sa bhaile.

- 17 Gealgháireach, fuadrach a bheidh
Na stráinséirí inár dtimpeall.
Ní bhacfaimid le cupán caife
Siúlfaimid go dtí an carr go mall.
Deireadh an tsamhraidh buailte linn
- 22 Mac eile ag imeacht.

- (b) Maidir leis an dán, *Chlaon mé mo Cheann* (thíos), roghnaigh *mothúchán amháin* as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

uaigneas	náire	meas (<u>nó</u> tuiscint)
cumha (<u>nó</u> briseadh croí)	grá	brón

(20 marc)

NÓ

Maidir leis an dán, *Chlaon mé mo Cheann* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar **dhá** rud sa dán sin, rud amháin a thaitin leat **agus** rud amháin nár thaitin leat.

(20 marc)

Chlaon Mé Mo Cheann

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfainn
An teach ar tógadh mé ann,
Ar eagla go bhfeicfinn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfinn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfinn don racht
In mo chléibh.

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.

CEIST 1

- PRÓS ROGHNACH -

[55 mharc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le gearrscéal (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an téama atá sa ghearrscéal sin. (23 mharc)
- [Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)
- (ii) Cén phearsa (carachtar) is mó a raibh trua agat dó/di sa ghearrscéal sin? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Inis cén fáth ar thaitin (nó nár thaitin) sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

NÓ

- (i) Maidir le sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann. (23 mharc)
- [Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)
- (ii) Déan cur síos **gairid** ar rud amháin a tharla sa dráma sin a chuir áthas (nó brón nó fearg) ort agus mínigh cén fáth ar mhúscail an rud sin a tharla an mothú sin ionat. (10 marc)
- (b) Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

grá (nó imní)cruachás (nó díomá)

draíocht (iontas)

déagóirí (nó gaolta eile)éad (nó díoltas)óige (nó seanaois)

(18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]

(2 mharc)

NÓ

Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) agus **nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** phearsa (carachtar) ann, pearsa (carachtar) amháin a thaitin leat **agus** pearsa (carachtar) amháin nár thaitin leat. (18 marc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]

(2 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis i **d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar an **dá** íomhá (phictiúr) sin. (8 marc)
- (iii) An dóigh leat go bhfuil an teideal atá ar an dán seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do fhreagra. (7 marc)
- (iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

NÓ

- (i) Maidir le dán **amháin** a chum **bean nó fear** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis cad é an mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)
- (ii) Déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar **dhá** mheafar sa dán seo a cheap tú a bhí go maith. (8 marc)
- (iii) Scríobh nóta **gearr** faoi rud **amháin** sa dán a cheap tú a bhí suimiúil (go maith). (7 marc)
- (iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)
- [Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

- (b) Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear** a bhfuil **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

uaigneas (<u>nó</u> fearg)	náire	meas (<u>nó</u> tuiscint)
cumha (<u>nó</u> briseadh croí)	brón (<u>nó</u> áthas)	grá

(18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

NÓ

Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **fear**, tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar **dhá** rud sa dán sin, rud amháin a thaitin leat **agus** rud amháin nár thaitin leat. (18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán